



## **Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí**

**Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003**

**Scéim Teanga 2016-2019**

## Clár na nÁbhar

1: Réamhrá agus Cúlra.....	3
1.1 Réamhrá .....	3
1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime .....	3
1.3 Dáta thosach feidhme na Scéime .....	3
2: Léargas Ginearálta ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí .....	4
2.1 Misean agus Cuspóirí.....	4
2.2 Príomhfheidhmeanna .....	4
2.3 Príomhsheirbhísí .....	4
2.4 Na daoine a bhfreastalaímid orthu .....	4
3: Sonraí na seirbhísí atá ar fáil faoi láthair i mBéarla amháin nó sa dá theanga .....	5
4: An Soláthar Seirbhísí Gaeilge a fheabhsú .....	5
5: Inniúlacht Teanga a Fheabhsú.....	9
5.1 Earcaíocht.....	9
5.2 Oiliúint agus Forbairt .....	9
5.3 Poist Shainithe Ghaeilge.....	10
6: Monatóireacht agus Athbhreithniú.....	10
7: Poibliú na Scéime Comhaontaithe .....	10

## **1: Réamhrá agus Cúlra**

### **1.1 Réamhrá**

Foráiltear le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003 go n-ullmhóidh comhlachtaí poiblí scéim teanga ina sonrófar na seirbhísí a sholáthróidh siad:

- trí mheán na Gaeilge,
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

agus na bearta a ghlacfar chun a chinntiú go ndéanfar seirbhís ar bith nach bhfuil á soláthar ag an gcomhlacht faoi láthair trí mheán na Gaeilge a sholáthar sa teanga sin laistigh de chreat ama comhaontaithe.

De réir alt 14(3) den Acht, bíonn feidhm ag scéimeanna teanga ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go ndaingneoidh an tAire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, scéim nua, cibé acu is déanaí.

### **1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime**

Agus an scéim seo á hullmhú, tugadh aird chuí ar na Treoirlínte atá eisithe ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta. Ina theannta sin, tugadh faoi phróiseas cuimsitheach comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara cuí.

Tá **Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí** faoi threoir ag an bpriónsabal gur cheart go mbeadh soláthar seirbhísí Gaeilge bunaithe ar an méid seo a leanas:

- an leibhéal bunúsach éilimh ar sheirbhísí sonracha i nGaeilge,
- an tábhacht a bhaineann le cur chuige onnghníomhach i dtaobh soláthar seirbhísí dá leithéid, agus
- na hacmhainní, lena n-áirítear acmhainní daonna agus acmhainní airgeadais, agus cumas an chomhlachta atá i gceist i dtaobh inniúlacht chuí sa teanga a fhorbairt nó a aimsiú.

Cuireadh an scéim i dtoll a chéile d'fhoinn a chinntiú go gcomhlíonfar go hiomlán ar bhonn céimnithe, faoin scéim seo agus faoi scéimeanna amach anseo, gach oibleagáid ábhartha atá ar **Bhord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí** faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla.

### **1.3 Dáta thosach feidhme na Scéime**

Dhaingnigh an tAire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta an Scéim seo ar an **15/08/2016**. Beidh feidhm aici le héifeacht ón dáta sin agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go ndaingneofar scéim nua, cibé acu is déanaí.

## **2: Léargas Ginearálta ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí**

### **2.1 Misean agus Cuspóirí**

Tá sé ina chuspóir ag Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí oideachas agus oiliúint a chur ar fáil atá cuimsitheach, uileghabhálach, inrochtana agus ar ardchaighdeán. Rathaíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí seirbhís ardchaighdeáin trí na bearta seo a leanas:

- dian-iarracht a dhéanamh na caighdeáin is airde a bhaint amach, ar an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal idirnáisiúnta, i dtaobh oideachais agus oiliúna ina cheantar féin;
- na baill foirne is fearr is féidir a earcú;
- sármhaitheas agus athnuachan na heagraíochta a chinntiú trí oiliúint agus athoiliúint a chur ar bhaill foirne, agus comhionannas deiseanna a bheith ag gach duine;
- idirphlé agus comhpháirtíochtaí leanúnacha le lucht gnó, lucht tionscail agus lucht tráchtála sa thír seo agus le gníomhaireseachtaí beartais agus gairmoideachais AE thar lear;
- comhpháirtíochtaí leanúnacha le tuismitheoirí, le mic léinn, leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus le SOLAS.

Táimid tiomanta do bheartas i dtaobh an míbhuntáiste a mhaolú i Laois agus in Uíbh Fhailí agus soláthróimid bearta oideachais agus oiliúna atá dírithe ar fháil réidh le míbhuntáiste, nó tacóimid le bearta ag an bhfuil an cuspóir sin. Inár gcáil mar cheann de na príomheagraíochtaí reachtúla sa dá chontae, nascfaimid le soláthraithe seirbhísí/gníomhaireseachtaí forbartha cuí eile – sa cheantar seo, ar bhonn náisiúnta agus ar bhonn idirnáisiúnta – agus tabharfaimid cúnamh agus tacaíocht dóibh. Déanfaimid an fheidhmíocht a mheas go rialta, agus déanfaimid athbhreithniú ar ár gcuspóirí, ár struchtúir, ár gcláir agus ár dtosaíochtaí d'fhonn a bheith ag teacht leis an dea-chleachtas agus d'fhonn patrúin athraitheacha sa bheartas náisiúnta a chomhlíonadh agus freastal ar an riachtanas nó an éileamh atá sa cheantar.

### **2.2 Príomhfheidhmeanna**

Is comhlacht reachtúil é Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí a bhfuil freagracht chuimsitheach air as seirbhísí oideachais agus oiliúna a sholáthar i meánscoileanna, ionaid bhreisoideachais agus ionaid oiliúna ar fud Chontae Laoise agus Chontae Uíbh Fhailí.

### **2.3 Príomhsheirbhísí**

Bunaíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí scoileanna agus ionaid oideachais aitheanta agus déanann sé iad a chothabháil, agus déanann sé an soláthar oideachais agus oiliúna a thagann faoina réimse seirbhísí a phleanáil, a sholáthar, a chomhordú agus a athbhreithniú. Ina theannta sin, ní mór do Bhord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí (faoi threoir ón Aire Oideachais agus Scileanna) seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil do sholáthraithe eile oideachais agus oiliúna. Féadfar na tacaíochtaí sin a sholáthar i gcomhthéacs tionscadail chaipítil agus talamh, acmhainní daonna, seirbhísí airgeadais, seirbhísí dlí, TFC agus rialachas corparáideach.

### **2.4 Na daoine a bhfreastalaímid orthu**

- na pobail go léir i gContae Laoise agus i gContae Uíbh Fhailí;

- na daltaí agus na tuismitheoirí/caomhnóirí arb iad pobail foghlama ár scoileanna dara leibhéal agus ár n-ionad oideachais aitheanta go léir;
- gach duine eile a bhaineann leas as na seirbhísí atá á sholáthar ag Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí, lena n-áirítear seirbhísí breisoideachais agus oiliúna, seirbhísí oideachais pobail agus seirbhísí a bhaineann le hobair don aos óg;
- ranna stáit/gníomhaireachtaí leathstáit, gníomhaireachtaí deonacha, grúpaí pobail agus daoine aonair;
- baill foirne Bhord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí.

### **3: Sonraí na seirbhísí atá ar fáil faoi láthair i mBéarla amháin nó sa dá theanga**

Cuirtear gach seirbhís ar fáil i mBéarla faoi láthair, cé is moite de mhúineadh na Gaeilge inár scoileanna agus inár n-ionaid, seirbhís a chuirtear ar fáil sa dá theanga.

### **4: An Soláthar Seirbhísí Gaeilge a fheabhsú**

**Is ceanglais éigeantacha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 iad na forálacha atá i gcló liath sa tábla thíos.**

Modh cumarsáide leis an bpobal	Gealltanás	
<b>Fógairtí Taifeadta Béil</b>	<p>Is i nGaeilge nó sa dá theanga a bheidh na fógairtí taifeadta béis seo:</p> <p>(a) Fógairtí taifeadta béis ar an teileafón nuair atá oifigí an chomhlachta phoiblí dúnta;</p> <p>(b) Fógairtí taifeadta béis a chraoltar ar chóras fógartha poiblí;</p> <p>(c) Fógairtí taifeadta béis a chruthaítear agus a chraoltar trí chóras ríomhtheachtaireachta nó trí chóras ríomhfhreagartha teileafóin.</p> <p>Baineann an fhóráil sin le fógairtí 'taifeadta' seachas le 'fógairtí beo'.</p> <p>Sa chás ina bhfuil Ordú Logainmneacha i bhfeidhm, ceanglaítear ar chomhlacht poiblí an leagan Gaeilge den Logainm atá sonraithe san Ordú</p>	Éigeantach

		sin a úsáid i bhfógairtí taifeadta béal a dhéanann sé nó a dhéantar ar a shon.	
<b>Cumarsáid i Scríbhinn</b>	<b>Litreacha agus Ríomhphost</b>	Tabharfar freagra ar gach mír chumarsáide i scríbhinn sa teanga oifigiúil chéanna a úsáideadh inti.	Éigeantach
	<b>Stáiseanóireacht</b>	Cuirfear na nithe seo a leanas ar fáil i nGaeilge nó ar bhonn dátheangach: ceannteidil ar stáiseanóireacht, lena n-áirítear páipéar litreach, duillíní dea- mhéine, bileoga cumhdaigh facs, clúdaigh comhad agus fillteáin eile, lipéid agus clúdaigh litreach.	Éigeantach
<b>Comharthaí</b>	<b>Comharthaí</b>	I gcás gach comhartha a chuireann Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí in airde, nó a chuirtear in airde thar a cheann, ní mór gur i nGaeilge nó sa dá theanga a bheadh sé, de réir na rialachán (I.R. Uimh. 391/2008).	Éigeantach
<b>Foilseacháin</b>	<b>Foilseacháin</b>	Foilseofar cáipéisí ina leagtar amach tograí beartais phoiblí, cuntais nó ráitis airgeadais iniúchta, tuarasclácha bliantúla agus ráitis straitéise go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla.	Éigeantach
	<b>Ciorcláin/ Cora Poist</b>	I gcás ina ndéanfaidh comhlacht poiblí cumarsáid i scríbhinn nó ar an bpost leictreonach leis an bpobal i gcoitinne nó le haicme den phobal i gcoitinne chun faisnéis a thabhairt don phobal nó don aicme, cinnteoidh an comhlacht gur i nGaeilge, nó i mBéarla agus i nGaeilge, a bheidh an chumarsáid.	Éigeantach
<b>An Ghaeltacht</b>	<b>Logainmneacha Gaeltachta</b>	Bainfidh an comhlacht poiblí úsáid as logainmneacha oifigiúla na gceantar Gaeltachta de réir na reachtaíochta cuí	Éigeantach

**Seo thíos na gníomhartha a bhfuil brath ag Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí iad a chur chun feidhme le linn shaolré na scéime.**

<b>Modh cumarsáide leis an bpobal</b>	<b>Gealltanas</b>	<b>Amlíne</b>	
<b>Cumarsáid ó Bhéal</b>	<b>An Deasc Fáiltithe</b>	Beannófar do chustaiméirí i nGaeilge i dtosach agus ansin i mBéarla ag gach scoil, ionad agus oifig riarracháin.	
	<b>Duine le Duine/Seirbhís ag an gCuntar</b>	Cuirfear liosta de na baill fairne atá in ann seirbhís a sholáthar i nGaeilge ar fáil i ngach scoil, ionad agus oifig riarracháin.	
	<b>Lasc-chlár</b>	Tabharfaidh foireann an lasc-chláir ag gach scoil, ionad agus oifig riarracháin ainm an chomhlachta phoiblí i nGaeilge agus i mBéarla.	
	<b>Cumarsáid ar an Teileafón</b>	Cuirfear socruithe cuí i bhfeidhm chun éascú do chumarsáid thráthúil ar an teileafón i gcás custaiméirí ar mian leo a gcuid gnó a dhéanamh trí Ghaeilge.	
	<b>Preaseisiúintí</b>	Eiseofar preaseisiúint ar bith i nGaeilge agus i mBéarla araon. Is go comhuaineach a eiseofar iad.	
	<b>Aithisc</b>	Is i nGaeilge a bheidh na beannachaí agus an focal scoir sna haithisc.	
	<b>Urlabhraí Meán</b>	Gníomhóidh ball fairne i gcáil urlabhraí meán, tar éis oiliúint chuí a bheith curtha air nó uirthi	
<b>Cumarsáid i Scríbhinn</b>	<b>Foirmeacha Iarratais</b>	Cuirfear leagan Gaeilge ar fáil den Fhoirm Iarratais do Mhúinteoirí agus den Fhoirm Iarratais i leith Oideachas Pobail. Is iadsan a bhíonn i gceist le formhór mór na bhfoirmeacha iarratais a fhaigheann Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí.	Faoi dheireadh na chéad bhliana den scéim

<b>Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide</b>	<b>Ríomhphost</b>	<p>Foilseoimid seoladh ríomhphoist ar leith ar láithreán gréasáin Bhord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí i gcomhair ceisteanna i nGaeilge.</p> <p>Is sa dá theanga a bheidh teachtaireachtaí caighdeánacha ríomhphoist, amhail séanta.</p>	Faoi dheireadh na chéad bhliana den scéim
	<b>Láithreán Ghréasáin</b>	<p>Beidh teachtaireacht dhátheangach ón bPríomhfheidhmeannach ar an láithreán gréasáin.</p> <p>Beidh ráiteas dátheangach ón bPríomhfheidhmeannach ar an láithreán gréasáin ina ndearbhófar go bhfuil an Bord meáite ar na gealltanais a tugadh ina Scéim Teanga a chomhlíonadh.</p> <p>Beidh nasc ó na leathanaigh sa leagan Béarla den láithreán gréasáin chuit an leathanach cuí sa leagan Gaeilge.</p>	Faoi dheireadh na chéad bhliana den scéim
	<b>Córais Ríomhaireachta</b>	I gcás córas ríomhaireachta nua ar bith a shuiteálfar, beidh lánchumas aige i dtaobh an Ghaeilge a láimhseáil.	Ón túis, de réir mar a shuiteálfar córais nua

## 5: Inniúlacht Teanga a Fheabhsú

### 5.1 Earcaíocht

Is é an príomhchur chuige lena ndéanfar barrfheabhsú ar an fháil atá ar sheirbhísí trí Ghaeilge ná trí bhaill fairne a earcú ag a bhfuil an leibhéal cuí inniúlachta sa Ghaeilge i ngach réimse oibre dá mbíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí ag gabháil. Inár mbeartas earcaíochta, atá faoi réir chreat na nósanna imeachta comhaontaithe náisiúnta, tabharfar aird ar an ngá atá ann feabhas a chur ar inniúlacht sa Ghaeilge ar bhonn incriminteach.

Tabharfar pacáiste ionduchtúcháin do gach ball fairne nua ina bhfuil cóip den scéim chomhaontaithe dár gcuid d'fhoíne a chinntiú go mbeidh siad ar an eolas faoi na gealltanais atá tugtha againn faoin reachtaíocht.

### 5.2 Oiliúint agus Forbairt

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí tiomanta do dheiseanna a thabhairt do bhaill fairne i dtaoibh freastal ar chúrsaí oiliúna Gaeilge atá creidiúnaithe go cuí, faoi réir acmhainní a bheith ar fáil. Cuirfear gach ball fairne ar an eolas faoi áiseanna/deiseanna chun a n-inniúlacht sa Ghaeilge a fheabhsú.

		Gealltanás	Amlíne
Feabhas a chur ar Inniúlacht sa Ghaeilge	Earcaíocht	Tabharfar pacáiste ionduchtúcháin do bhaill fairne nua ina bhfuil cóip den scéim chomhaontaithe dár gcuid.	Faoi dheireadh na chéad bhliana den scéim
	Oiliúint agus Forbairt	Tabharfar an deis do bhaill fairne cur lena n-inniúlacht sa Ghaeilge trí chistiú a chur ar fáil do chúrsaí Gaeilge aitheanta ar leibhéal teastais, dioplóma agus céime, d'fhoíne forbairt bhreise a dhéanamh ar chaighdeán, raon agus flúirse na seirbhísí Gaeilge a chuirimid ar fáil don phobal. Áireofar leis na cúrsaí sin cúrsaí i scríobh agus labhairt na Gaeilge, agus cúrsaí eile nach iad a mbeadh tionchar dearfach acu ar chumas na fairne bainistíochta ginearálta agus na fairne riarracháin maidir le hardleibhéal seirbhíse a chur ar fáil i nGaeilge.	Ar bhonn leanúnach

### 5.3 Poist Shainithe Ghaeilge

Chomh maith le poist teagaisc a bhfuil inniúlacht Ghaeilge de dhíth ina leith, tá na poist seo thíos sainithe mar chinn a bhfuil riachtanas inniúlachta Gaeilge ag gabháil leo. Tá sé i gceist go mbainfeadh na daoine atá ag fónamh sna poist seo amach caighdeáin chreidiúnaithe shonraithe sa Ghaeilge, ag teacht le freagrachtaí an phoist. Agus na poist sin á gceapadh, tugadh aird ar leith ar phoist ar Gaeilgeoirí iad na custaiméirí ina leith den chuid is mó.

Teideal an Phoist	Láthair	Pobal lucht labhartha na Gaeilge a bhfreastalaítear air	Léiriú ar an gcaighdeán Gaeilge atá de dhíth
<b>Príomhoidí, Leas-Phríomhoidí agus poist teagaisc</b>	Scoileanna Gaeilge	Gaelscoileanna agus Gaelcholáistí atá faoi shainchúram Bhord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí	Ardleibhéal
<b>Rúnaithe agus poist riarracháin eile</b>	Scoileanna Gaeilge	Gaelscoileanna agus Gaelcholáistí atá faoi shainchúram Bhord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí	Ardleibhéal

### 6: Monatóireacht agus Athbhreithniú

Déanfaidh Príomhfheidhmeannach Bhord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí agus an Fhoireann Bhainistíochta monatóireacht agus athbhreithniú rialta ar chur chun feidhme na scéime. Is é Joe Cunningham, an Príomhfheidhmeannach, an duine teagmhála i leith na scéime.

Beidh córas foirmiúil i bhfeidhm i dtaobh monatóireacht a dhéanamh ar iarrataí ar seirbhísí trí Ghaeilge agus tabharfar cuntas orthu sa Tuarascáil Bhliantúil dár gcuid.

### 7: Poiblíú na Scéime Comhaontaithe

Foilseofar an scéim seo laistigh den Bhord agus lasmuigh de. Cuirfear leagan dátheangach den scéim ar fáil ar ár láithreán gréasáin agus dálífear é ar gach ball foirne agus ar ghníomhaireachtaí cuí. Féadfar modhanna eile a úsáid chun an scéim a phoiblíú freisin.

Ina theannta sin, tapóimid gach deis agus muid i mbun teagmhála le custaiméirí ó lá go lá i dtaobh na seirbhísí a chuirimid ar fáil trí Ghaeilge a chur chun cinn agus aird a dhíriú orthu mar seo a leanas:

- custaiméirí a chur ar an eolas ar bhonn síocháin, onnghníomhach faoin rogha atá acu gnó a dhéanamh linn trí Ghaeilge, mar shampla, trí fhógraí a chur ar taispeáint sna limistéir fáiltithe ina léirítéar cé na seirbhísí Gaeilge atá ar fáil;
- liosta de na seirbhísí sin a thaispeáint go feiceáilach ar ár láithreán gréasáin;
- é a chur in iúl ar threoirí línte, billeoga agus foirmeacha iarratais roghnaithe go bhfuil leagan Gaeilge de na cáipéisí sin ar fáil, mura cáipéisí dátheangacha iad féin;
- an tsuntasacht chéanna a thabhairt d'ábhair i nGaeilge agus i mBéarla.

Seolfar cóip den scéim chomhaontaithe chuig Oifig an Choimisiúna Teanga.  
Is é an leagan Béarla an leagan oifigiúil den scéim seo.